Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2026
(OR. en)

11580/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0180 (NLE)**

**UD 209**
**COLAC 98**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 338 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir lena dtugtar isteach modhnuithe ar Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 338 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 338 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
COM(2026) 338 final

2026/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir lena dtugtar isteach modhnuithe ar Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh, ar cinneadh é ón gComhairle Comhlachais a cuireadh ar bun leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ('an Comhaontú').

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir

Is é is aidhm don Chomhaontú trádáil dhéthaobhach idir an tAontas agus Meiriceá Láir a mhéadú agus trína bhíthin sin próiseas an lánpháirtithe réigiúnaigh a neartú i measc thíortha an réigiúin. Tá an Comhaontú Comhlachais á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Lúnasa 2013 ann le Hondúras, Nicearagua agus Panama, ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann le Cósta Ríce agus an tSalvadóir, agus ó bhí an 1 Nollaig 2013 ann le Guatamala.

### 2.2. An Chomhairle Comhlachais

Déanann an Chomhairle Comhlachais maoirseacht ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe agus déanann sí faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. Déanann sí scrúdú ar aon saincheist thromchúiseach a thagann chun cinn faoin gComhaontú, chomh maith le haon cheist leasa choitinn eile a scrúdú, bíodh sin déthaobhach, iltaobhach nó idirnáisiúnta, agus déanann sí scrúdú freisin ar thograí agus moltaí ó na páirtithe maidir leis an gcaidreamh arna bhunú faoin gComhaontú a fheabhsú. Is trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe a ghlacann an Chomhairle Comhlachais cinntí agus moltaí.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag an gComhairle Comhlachais

Leis an gCinneadh atá le glacadh ag an gComhairle Comhlachais, leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 maidir le Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach.

Comhlánóidh na Nótaí Míniúcháin breise Cinneadh Uimh. 2/2020, lena soláthrófar tuilleadh treoraíochta maidir le cur i bhfeidhm forálacha a bhaineann leis an dearbhú sonraisc, le ceartú a dhéanamh ar dhearbhú sonraisc tar éis onnmhairiú, chomh maith le neamhréireachtaí beaga agus earráidí foirmiúla follasacha sa chruthúnas tionscnaimh nach ndéanann difear do bhailíocht an dearbhaithe sonraisc.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Luaitear in Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II go dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú i dtaobh 'Nótaí Míniúcháin' maidir le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus riarachán Iarscríbhinn II laistigh den Fhochoiste um Chustam, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh chun a mholadh go bhformheasfaidh an Chomhairle Comhlachais iad.

**Aon Chinneadh amháin ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais**

Tá na Nótaí Míniúcháin comhlántacha dá dtagraítear thuas comhsheasmhach le Nótaí Míniúcháin eile a comhaontaíodh faoin gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas agus an tSile, agus sa Choinbhinsiún Uile-Eora-Mheánmhara athbhreithnithe.

Baineann an togra le cur chun feidhme comhaontaithe um thrádáil fhabhrach a tugadh chun críche mar chuid den chomhbheartas tráchtála, is é sin comhbheartas ar réimse é ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is eagraíocht í an Chomhairle Comhlachais a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá, an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile.

An gníomh a iarrtar ar an gComhairle Comhlachais a ghlacadh, gníomh ar cinneadh é sa chás seo, is éard atá ann gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le comhbheartas tráchtála an Aontais.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ NA nGNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE

De bhrí go modhnófar Cinneadh Uimh. 2/2020 an 14 Nollaig 2020 leis an ngníomh ón gComhairle Comhlachais agus go bhfónfaidh sé do chur chun feidhme Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir lena dtugtar isteach modhnuithe ar Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ('an Comhaontú'), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (2012/734/AE) ón gComhairle dar dáta an 25 Meitheamh 2012[2] agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Lúnasa 2013 ann idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras, agus Panama, ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann idir na páirtithe sin agus an tSalvadóir agus Cósta Ríce, agus ó bhí an 1 Nollaig 2013 ann idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras, Panama, an tSalvadóir agus Cósta Ríce, ar thaobh amháin, agus Guatamala, ar an taobh eile.

(2) De bhun Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais nóta míniúcháin a fhormheas maidir le léirmhíniú, cur chun feidhme agus riarachán Iarscríbhinn II.

(3) Tá an Chomhairle Comhlachais le Cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú[3], chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeacht dlí ag an gCinneadh seo san Aontas,

[2] IO L 346, 15.12.2012, lch. 1
[3] IO L 25, 26.1.2021, lgh. 96–105

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir, bunófar é ar an dréachtchinneadh atá curtha i gceangal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir mionathruithe ar an dréachtchinneadh a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*